Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# An Príomh-Chlár Creidmheasa
## Do Thuarascáil Chreidmheasa

## An Príomh-Chlár Creidmheasa

Bailítear agus stóráiltear faisnéis faoi iasachtaí €500 nó níos mó, lena n-áirítear:

- Cártaí Creidmheasa
- Morgáistí
- Iasachtaí Pearsanta
- Rótharraingtí
- Iasachtaí Gnó
- Fruilcheannach, PCP agus iasachtaí dá leithéid
- Iasachtaí ó Údaráis Áitiúla
- Iasachtaí ó Iasachtóirí Airgid



Baintear úsáid as chun tuarascálacha creidmheasa a chruthú a mbeidh fáil agat féin agus ag d'iasachtóir orthu ach iad a iarraidh




## Do thuarascáil chreidmheasa

Taispeántar sonraí uirthi faoi d'iasachtaí reatha agus faoi d'iarratais ar iasachtaí nua



**Iasachtaithe**

Is féidir leat í a úsáid chun an fhaisnéis atá ag iasachtóirí ort a fheiceáil



**Iasachtóirí**

Baineann iasachtóirí úsáid as tuarascálacha creidmheasa chun léargas a fháil ar stair chreidmheasa iasachtaí nuair a bhíonn iarratais ar iasachtaí á gcinneadh acu



**An Banc Ceannais**

Baineann an Banc Ceannais úsáid as an bhfaisnéis chun léargas níos fearr a fháil ar iasachtú

Ní dhéanann an Príomh-Chlár Creidmheasa cinneadh faoi iasacht a cheadú nó a dhiúltú – is é an t-iasachtóir a dhéanann an cinneadh sin

## Conas is féidir liom cóip de mo thuarascáil chreidmheasa a fháil?

Is féidir leat do thuarascáil chreidmheasa a iarraidh saor in aisce ar líne, leis an ríomhphost nó leis an bpost:

centralcreditregister.ie

myrequest@centralcreditregister.ie

An Príomh-Chlár Creidmheasa
An Chéad Urlár
Bloc E
Adelphi Plaza
Sráid Sheoirse Uachtarach
Dún Laoghaire
Co. Bhaile Átha Cliath

**Tuilleadh eolais: centralcreditregister.ie**